# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2009**

# STAIDÉAR GNÓ – GNÁTHLEIBHÉAL

DÉ MÁIRT, 9 MEITHEAMH 2009 – MAIDIN, 9.30-12.00

## ROINN B

**(300 marc)**

- Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.
- **CÚIG** cheist ar bith le freagairt.
- Bronnfar marcanna ar leagan amach agus ar chur i láthair.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

**1.** **Ceist í seo faoi Bhuiséad Teaghlaigh.**
*(Le comhlánú ar Leathanach 9 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Seo thíos buiséad do Theaghlach Uí Bhroin le haghaidh na gceithre mhí deiridh de 2009:

Is é an tAirgead Tosaigh ar Láimh ná €280.

**Ioncam Pleanáilte**

- Tuilleann Síomón Ó Broin €2,800 glan in aghaidh na míosa agus tá súil aige le bónas Nollag €800 glan i mí na Nollag.
- Tuilleann Lisa Uí Bhroin €1,800 glan in aghaidh na míosa. Tá súil aici go mbeidh **laghdú** de €750 glan air seo ó 1 mí na Samhna 2009 mar beidh sí ag obair páirtaimseardha.
- Tá súil le Sochar Leanaí €500 in aghaidh na míosa.

**Caiteachas Pleanáilte**

- Is é an morgáiste tí ná €825 in aghaidh na míosa.
- Is é an t-árachas tí ná €840 **in aghaidh na bliana** agus **iníoctha gach mí** ó 1 Meán Fómhair 2009**.**
- Íocann Teaghlach Uí Bhroin préimh árachas sláinte de €120 gach mí. Beidh **ardú** de €15 in aghaidh na míosa ar an bpréimh seo ó 1 Nollag 2009.
- Bíonn costais teaghlaigh €1,500 in aghaidh na míosa orthu, ach amháin i mí na Nollag nuair a bheidh siad €400 **sa bhreis.**
- Ceaptar gur €80 in aghaidh na míosa a bheidh mar chostais reatha gluaisteáin ar Shíomón agus €70 in aghaidh na míosa ar Lisa. Tá seirbhís dlite do ghluaisteán Shíomóin i mí Dheireadh Fómhair agus ceaptar go gcosnóidh sé sin €350.
- Ceaptar gur €125 a bheidh ar bhillí BSL le haghaidh solais agus teasa i mí Mheán Fómhair agus €210 i mí na Samhna, agus cosnóidh ola teasa €400 i mí Dheireadh Fómhair.
- Ceaptar go mbeidh €120 i mí Dheireadh Fómhair agus €140 i mí na Nollag ar an mbille teileafón tí. Chomh maith leis sin cosnóidh billí fón phóca €80 in aghaidh na míosa don teaghlach.
- Tá an táille bliantúil €170 don teilifís dhigiteach dlite i mí Dheireadh Fómhair.
- Ceaptar go mbeidh €360 in aghaidh na míosa ar chostais siamsaíochta.
- Ceaptar go gcosnóidh bronntanais Nollag €1,250 i mí na Nollag.
- Tá saoire in áirithe ag Muintir Uí Bhroin a chosnóidh €2,500. Caithfidh siad éarlais de €600 a íoc i mí Mheán Fómhair agus an iarmhéid i mí Dheireadh Fómhair.

**(A)** Comhlánaigh an fhoirm bhán do Bhuiséad Teaghlaigh (*ar Leathanach 9 den Leabhrán Scrúdaithe)* agus tú ag baint úsáide as na figiúiri uile thuas. (50)

**(B)** Gan trácht ar chostais seirbhíse, ainmnigh **dhá** chostas eile a bhaineann le húinéireacht ghluaisteáin. (*Freagair sa spás atá curtha ar fáil ar Leathanach 9 den Leabhrán).* (4)

**(C)** Ainmnigh **trí** mhodh inar féidir le muintir Uí Bhroin billí BSL a íoc. (*Freagair sa spás atá curtha ar fáil ar Leathanach 9 den Leabhrán*.) (6)

**(60 marc)**

**2.** **Ceist í seo a bhaineann le Cuntais Chríochnaitheacha agus Clár Comhardaithe.**
*(Le comhlánú ar leathanaigh 10 agus 11 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as leabhair Duga Tta ar an 31 Nollaig 2008, deireadh na bliana airgeadais. Is é an Scairchaipiteal Údaraithe ná 400,000 gnáthscaireanna ar €1 an ceann.

| **Comhardú Trialach mar a bhí ar 31 Nollaig 2008** | **Dr** | **Sr** |
|---|---|---|
| | € | € |
| Díolacháin ar Airgead Tirim | | 471,000 |
| Ceannacháin ar Airgead Tirim | 291,250 | |
| Carraeireacht Isteach | 5,100 | |
| Stoc Tosaigh ar 1 Eanáir 2008 | 76,300 | |
| Pá agus Tuarastail | 56,790 | |
| Teas agus Solas | 9,180 | |
| Fógraíocht | 6,000 | |
| Cíos | 12,900 | |
| Árachas | 27,480 | |
| Díbhinn Íoctha | 15,000 | |
| Áitreabh | 190,000 | |
| Feithiclí Mótair | 83,000 | |
| Scairchaipiteal Eisithe i Scaireanna €1 | | 300,000 |
| Airgead Tirim ar Láimh | 5,200 | |
| Rótharraingt Bhainc | | 7,200 |
| | 778,200 | 778,200 |

Ba é an Stoc Deiridh ar an 31 Nollaig ná €66,500.

**(A)** Ó na figiúirí thuas ullmhaigh:

**(i)** **Cuntas Trádála, Cuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais** le haghaidh Duga Tta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008. (*Freagair ar Leathanach 10 den Leabhrán.)*

**(ii)** **Clár Comhardaithe** mar a bhí ar an 31 Nollaig 2008.
*(Freagair ar Leathanach 11 den Leabhrán.)* (45)

**(B)** Mínigh an téarma '**Díbhinn Íoctha**' sa Chomhardú Trialach thuas.
*(Freagair ar Leathanach 11 den Leabhrán.)* (5)

**(C)** Ríomh cén céatadan de na Díolacháin ar Airgead Tirim é an Brabús Comhlán. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre. *(Freagair ar Leathanach 11 den Leabhrán.)* (10)

**(60 marc)**

**3.** **Ceist í seo a bhaineann le Baincéireacht agus le Litir a Scríobh.**
*(Le comhlánú ar leathanaigh 12 agus 13 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Cónaíonn Dáithí Ó Néill sa tSráid Mhór, Ráth Naoi, Co. Chill Mhantáin. Ar an 25 Aibreán 2009, chuir sé ceist faoi chuntas reatha a oscailt i mBanc AIB, Sráid Sheoirse, Baile Chill Mhantáin.

Ar an 28 Aibreán, scríobh Linda Ní Mhathúna, Bainisteoir an Bhrainse, litir chuig Dáithí. Ghlac sí buíochas leis as a fhiosrúchán. Chomh maith leis sin dúirt sí go raibh coinne déanta aici bualadh leis ar a 10.00 r.n. ar an Aoine 1 Bealtaine 2009, ina hoifig. Ionas go mb'fhéidir an cuntas a oscailt, d'iarr sí air cruthúnas aitheantais agus seolta a bhreith leis. Thug Linda sampla **amháin** de **gach ceann** de na cruthúnais seo. Ar deireadh dúirt sí go raibh sí ag tnúth le bualadh le Dáithí ar an Aoine.

**(A)** Scríobh an litir a sheol Linda Ní Mhathúna chuig Dáithí Ó Néill ar an 28 Aibreán 2009.
*(Freagair ar Leathanach 12 den Leabhrán.)* (40)

**(B)** Mínigh **trí** chúis go mba mhian le duine cuntas reatha a oscailt i mbanc.
*(Freagair ar Leathanach 13 den Leabhrán.)* (12)

**(C)** Nuair a thug Dáithí cuairt ar an mbanc d'oscail sé cuntas reatha agus cuntas taisce. Lóisteáil sé €5,000 sa chuntas taisce ag ráta seasta de 4% in aghaidh na bliana. Tá an t-ús a thuilleann airgead i gcuntas taisce incháinithe faoi réir ag CCÚCT (cáin) 23% a asbhaintear ag an mbanc. Dá dtarraingneodh Dáithí a chuid airgid go léir (le h-ús) amach as an gcuntas taisce bliain ina dhiaidh sin díreach go dtí an lá, ríomh an méid **iomlán** airgid a gheobhadh sé. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre.
*(Freagair ar Leathanach 13 den Leabhrán.)*
(8)

**(60 marc)**

**4.** **Ceist í seo a bhaineann le Cineálacha Úinéireacht Ghnólachta.**
*(Le comhlánú ar leathanaigh 14 agus 15 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

**(A)** Mheasc Gearóidin suas na freagraí ina hobair bhaile ar Úinéireacht Ghnólachta. Bhí na mínithe cearta go léir aici ach chuir sí sna habairtí mí-chearta iad. Seo an rud a scríobh sí.

**(i)** Is é is tradálaí aonair ann ná *duine gur leis/léi cuid de chuideachta theoranta*.

**(ii)** Is é is comharchumann ann ná *lucht ceaptha ag scairshealbhóirí chun comhlacht a stiúradh.*

**(iii)** Is é is comhlacht faoi úinéireacht stáit ná *gnólacht faoi úinéireacht agus stiúiriú duine amháin*.

**(iv)** Is é is scairshealbhóir ann ná *'teastas breithe comhlachta' agus is cruthú scríofa é go bhfuil comhlacht cláraithe mar chuideachta theoranta*.

**(v)** Is é is bord stiúrthóiri ann ná *comhlacht atá faoi úinéireacht agus smacht an rialtais*.

**(vi)** Is é is deimhniú corpraithe ann ná *eagraíocht cosúil le comhar creidmheasa a bhunaítear ag daoine chun cuspóirí coitianta a bhaint amach i gcúrsaí gnó*.

Comhlánaigh, go hiomlán, gach abairt (*sa spás atá curtha ar fáil ar Leathanach 14 den Leabhrán)* ag baint úsáide as an míniú is cuí i n**gach** cás. (24)

**(B)** **(i)** Mínigh an téarma '**Dliteanas Teoranta**'. *(Freagair ar Leathanach 14 den Leabhrán.)*

**(ii)** Ainmnigh **dhá** chomhlacht stát-úinéirithe Éireannacha agus tabhair míniú gairid ar a gcuid oibre. (*Freagair ar Leathanach 14 den Leabhrán.*) (12)

**(C)** Ar an 20 Márta 2009, bhunaigh Stiofán Ó Riain, 16 Sráid an Chaisleáin, An Muileann gCearr, Co. na hIarmhí, agus Denise Ní Laocha, 22 Coillthailte, Áth Luain, Co. na hIarmhí, comhlacht príobháideach teoranta ar ar glaodh Denman Tta agus bhí an bheirt acu ina stiúrthóirí ar an gcomhlacht. Is é seoladh cláraithe an chomhlachta ná 17 An tSráid Mhór, Áth Luain, Co. na hIarmhí. Is iad cuspóirí an chomhlachta ná páipéarachas a sholáthair do ghnólachtaí agus do scoileanna. Is é scairchaipiteal údaraithe Denman Tta ná 80,000 gnáthscaireanna ar €1 an ceann. Ar an dáta céanna cheannaigh Stiofán Ó Riain 30,000 gnáthscaireanna agus cheannaigh Denise Ní Laocha 20,000 gnáthscaireanna sa chomhlacht.

Ó na sonraí thuas, comhlánaigh an Meabhrán Comhlachais (*ar Leathanach 15 den Leabhrán).*
(24)

**(60 marc)**

**5.** **Ceist í seo a bhaineann le Doiciméid Ghnó.**
*(Le comhlánú ar leathanaigh 16 agus 17 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Tá Máirtín Ó Báille ina Bhainisteoir Ceannacháin i Spórt Aontaithe Tta. Ar an 26 Bealtaine 2009, fuair sé an Luachan seo a leanas:

# Mórdhíoltóirí Sacar Tta

**LUACHAN Uimh. 23778**

**Páirc Miondíoltóirí Jefferson, Neidín Co. Chiarraí**

Teileafón 066-9733415
Facs: 066-9733668
r-phost: tuairiscí@mórdhíoltóirísacar.ie

Cláruimhir CBL IE 1378659

25 Bealtaine 2009

An Bainisteoir Ceannacháin
Spórt Aontaithe Tta
Aonad 7, An tIonad Díolta
Cill Airne
Co. Chiarraí

| CÓDUIMHIR | TUAIRISC | PRAGHAS AN CEANN € | SEACHADADH |
|---|---|---|---|
| MUJ11 | Geansaí Manchester United | 50.00 | Réidh |
| AFC23 | Geansaí Arsenal | 35.00 | Réidh |
| CFC06 | Geansaí Chelsea | 42.00 | Réidh |
| LFC34 | Geansaí Liverpool | 45.00 | Réidh |

Lascaine Thrádála 15% ar gach earra
CBL 20% ar gach earra
Carraeireacht Íoctha
Le glachadh laistigh de 30 lá

Tar éis roinnt taighde margaidh a dhéanamh cinneann Máirtín nach mbeidh éileamh mór ar gheansaithe Chelsea ina cheantar áitiúil féin. Seolann sé Ordú (Uimh. 2375) chuig Mórdhíoltóirí Sacar Tta le haghaidh **200 geansaí Manchester United, 120 geansaí Arsenal agus 180 geansaí Liverpool.** Seachadtar na hearraí seo i veain ar Spórt Aontaithe Tta ar an 29 Bealtaine 2009. Seiceálann Máirtín na hearraí nuair a thagann siad agus faigheann sé amach gur tháinig gach rud a d'ordaigh sé. Ansin tugann an tiománaí veain Sonrasc Uimh. 88902, dar dáta 29 Bealtaine 2009, dó.

**(A)** Ó na sonraí thuas, comhlánaigh an Sonrasc bán Uimh. 88902 (*ar Lch 16 den Leabhrán).* (30)

**(B)** Ansin scríobhann Máirtín seic (Uimh. 104790) dar dáta 29 Bealtaine 2009, atá sínithe aige féin, ar son Spórt Aontaithe Tta mar íocaíocht iomlán ar na hearraí. Tugann sé don tiománaí é le tabhairt ar ais go dtí Mórdhíoltóirí Sacar Tta. Comhlánaigh an seic agus an comhdhuille ag baint úsáide as an doiciméad bán atá curtha ar fáil (*ar Leathanach 17 den Leabhrán).* (15)

**(C)** Iontráil an íocaíocht le seic i gCuntas Bainc Spórt Aontaithe Tta. (*Bain úsáid as ceann* ***amháin*** *de na Cuntais Bhainc ar Leathanach 17 den Leabhrán.)* (9)

**(D)** Rinne Máirtín roinnt taighde margaidh. Mínigh an téarma **'taighde margaidh'.**
(*Freagair ar Leathanach 17 den Leabhrán.*) (6)

**(60 marc)**

| | |
|---|---|
| **6.** | **Ceist í seo a bhaineann le Cuntais Fheirme.**<br>*(Le comhlánú ar leathanaigh 18 agus 19 den Leabhrán Scrúdaithe)* |

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Is feirmeoir í Nóra Ní Loideáin a choinníonn Leabhar Fáltas agus Íocaíochtaí Miondealaithe (Leabhar Miondealaithe Airgid Thirim). Lóisteáltar an t-airgead go léir a fhaigheann sí ina cuntas reatha bainc ar an lá céanna.agus déantar gach íocaíocht le seic.

Ar an 1 Aibreán 2009, bhí iarmhéid €5,600 ag Nóra sa bhanc.

Bhí na bearta seo a leanas aici i rith Aibreáin 2009:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Aibreán | 2 | Dhíol eallach ar an margadh ar €11,450 | (Admháil Uimh. 855) |
| | 6 | Cheannaigh beathú eallaigh ar €1,850 | (Seic Uimh. 321) |
| | 7 | Cheannaigh eallaigh (laonna) ar €6,000 | (Seic Uimh. 322) |
| | 8 | D'íoc as deisiúcháin do tharracóir €1,900 | (Seic Uimh. 323) |
| | 9 | Fuair deontas AE de €7,500 | (Admháil Uimh. 856) |
| | 15 | D'íoc as deisiúcháin d'inneallra €2,450 | (Seic Uimh. 324) |
| | 16 | Dhíol eallach ar an margadh ar €14,500 | (Admháil Uimh. 857) |
| | 20 | D'íoc as leasú talún €900 | (Seic Uimh. 325) |
| | 21 | Cheannaigh beathú eallaigh ar €3,650 | (Seic Uimh. 326) |
| | 24 | Fuair deontas stáit de €6,000 | (Admháil Uimh. 858) |
| | 27 | Cheannaigh eallach (laonna) ar €6,500 | (Seic Uimh. 327) |
| | 28 | Fuair aisíoc cánach €750 | (Admháil Uimh. 859) |
| | 29 | D'ioc árachas feirme €3,500 | (Seic Uimh. 328) |

**(A)** Breac go hiomlán Leabhar Fáltas agus Íocaíochtaí Miondealaithe (Leabhar Miondealaithe Airgid Thirim) Nóra Ní Loideáin d'Aibreán 2009, ag baint úsáide as na colúin miondealaithe seo a leanas:

**Taobh na nAdmhálacha**: Banc; Eallach; Deontais; Eile.

**Taobh na nÍocaíochtaí:** Banc; Eallach; Beathú; Deisiúcháin; Eile.

Suimigh gach colún miondealaithe agus comhardaigh na colúin bhainc ag deireadh Aibreáin.
**(***Freagair ar Leathanach 18 den Leabhrán.)* (44)

**(B)** Luaigh **trí** chúis gur cheart d'fheirmeoiri cuntais a choimeád.
*(Freagair ar Leathanach 19 den Leabhrán.)* (9)

**(C)** Fuair Nóra roinnt deontas i rith na míosa. Mínigh an téarma '**deontas**'.
*(Freagair ar Leathanach 19 den Leabhrán.)* (7)

**(60 marc)**

**7.** **Ceist í seo a bhaineann le Córais Seachadta agus Iompair.**
*(Le comhlánú ar leathanaigh 20 agus 21 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

**(A)** Úsáideann Campa Tta iompar ar iarnród chun earraí a sheachadadh ar a chustaiméirí.

**(i)** Luaigh **dhá** bhuntáiste do Champa Tta iompar ar iarnród a úsáid.

**(ii)** Luaigh **dhá** mhíbhuntáiste do Campa Tta iompar ar iarnród a úsáid.

*(Freagair ar Leathanach 20 den Leabhrán.)* (16)

**(B)** Ainmnigh **trí** thoisc a ndéanfadh gnólacht machnamh orthu agus iad ag roghnú córas iompair chun earraí a sheachadadh ar fud na tíre. Mínigh tábhacht **gach** toisce díobh. *(Freagair ar Leathanach 20 den Leabhrán.)* (12)

**(C)** Tiomáineann Seán Ó Maoltuile trucail seachadta ar son Cúiréiri Beo Tta, Sligeach.

Ar an 7 Bealtaine 2009, bhailigh sé dhá chliathbhosca móra ó stór i Sligeach ar a 9.30 r.n. Sheachaid sé ceann amháin ar shiopa i Ros Comáin agus lean sé ar aghaidh chun an dara ceann a sheachadadh ar oifig i nGaillimh. I ngach cás thóg sé 30 nóiméad ar fad air na cliathbhoscaí a dhíluchtú agus na doiciméid ghnó a chomhlánú. Ansin thóg Seán uair a chloig le haghaidh lóin sular thiomáin sé ar ais go Sligeach. Seo a leanas na faid idir na bailte ar thug sé cuairt orthu:

| | |
|---|---|
| Sligeach go Gaillimh | 138 cm |
| Sligeach go Ros Comáin | 84 cm |
| Gaillimh go Ros Comáin | 78 cm |

**(i)** Ríomh an méid iomlán ciliméadar a thaistil Seán an lá sin. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre (*ar Leathanach 21 den Leabhrán).*

**(ii)** Thaistil Seán 60 ciliméadar san uair ar an meán. Ríomh cé mhéid uair tiománaíochta a rinne sé an lá sin. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre *(ar Leathanach 21 den Leabhrán).*

**(iii)** Ag baint úsáide as an eolas go léir thuas, ríomh an t-am go cruinn, a d'fhill Seán ar Shligeach. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre (*ar Leathanach 21 den Leabhrán).*

**(iv)** Má thaistealaíonn an veain 15 cm do gach lítear díosail, ríomh cé mhéid lítear a úsaideadh. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre (*ar Leathanach 21 den Leabhrán).*

**(v)** Má chosain an díosail €1.10 ar lítear, ríomh costas iomlán an díosail a úsáideadh. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre *(ar Leathanach 21 den Leabhrán).* (24)

**(D)** I measc na bhforbairtí nua-aimseartha in Éirinn, tá **motarbhealaigh**, **tolláin**, **aerfoirt réigiúnacha, dolabhóithre** agus an **córas Luas**.

Mínigh **dhá** cheann de na focail (nó na téarmaí) a bhfuil líne futhu. Sa **dá** chás, taispeáin conas a chabhraíonn siad le feabhsú iompair in Éirinn. *(Freagair ar Leathanach 21 den Leabhrán.)* (8)

**(60 marc)**

**8.** **Ceist í seo a bhaineann leis an mBuiséad Náisiúnta agus le Boilsciú.**
*(Le comhlánú ar leathanaigh 22 agus 23 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

**(A)** Thug an tAire Airgeadais na figiúirí seo a leanas le haghaidh an Bhuiséid Náisiúnta 2010.


| **Caiteachas Pleanáilte** | **€ Milliúin** |
|---|---|
| Oideachas | 10,250 |
| Seirbhísí Sláinte | 19,750 |
| Leas Sóisialta | 15,500 |
| Dlí agus Ceart | 9,500 |
| Iompar | 4,500 |
| **Ioncam Pleanáilte** | |
| ÍMAT | 16,750 |
| CCÚCT | 3,750 |
| Dleacht Mháil | 7,500 |
| CBL | 17,250 |
| Cáin Chorporáide | 8,750 |

**(i)** Dréachtaigh an Buiséad Naisiúnta don bhliain 2010 ón eolas thuas *(ar Lch. 22 den Leabhrán*).

**(ii)** Luaigh cé acu buiséad 'fuílligh' nó 'easnaimh' é. (*Freagair ar Leathanach 22 den Leabhrán*.)

**(iii)** Caitheann Rialtas na hÉireann suimeanna móra airgid ar Shláinte gach bliain.
Tabhair **trí** shampla de chaiteachas an Rialtais ar Shláinte *(ar Lch. 22 den Leabhrán*). (30)

**(B)** Taispeánann an chairt seo a leanas an **ráta boilscithe** in Éirinn do na blianta 2005-2008:




**(i)** Mínigh an téarma '**boilsciú'.** *(Freagair ar Leathanach 23 den Leabhrán.)*

**(ii)** Sainaithin an bhliain a raibh an ráta ab airde boilscithe ann *(ar Leathanach 23 den Leabhrán).*

**(iii)** Sainaithin an bhliain a raibh an ráta ab ísle boilscithe ann *(ar Leathanach 23 den Leabhrán).*

**(iv)** Ríomh an meánráta boilscithe don cheithre bhliain sin *(ar Leathanach 23 den Leabhrán).*

**(v)** Má bhí €20 airgead póca in aghaidh na seachtaine agat i 2006, ríomh cé mhéid a bheadh ag teastáil uait i 2007 chun coimeád suas le boilsciú. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre *(ar Leathanach 23 den Leabhrán).* (30)

**(60 marc)**

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán